**Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Alba Iulia (an Rómáin) a taisceadh an 29 Nollaig 2022 – Biohemp Concept SRL v Direcția pentru Agricultură Județeană Alba**

**(Cás C-793/22, Biohemp Concept)**

(2023/C 179/22)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Alba Iulia

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir agus Iarratasóir ag an gcéadchéim:* Biohemp Concept SRL

*Freagróir agus Cosantóir ag an gcéad chéim:* Direcția pentru Agricultură Județeană Alba

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Rialachán Uimh. ([1]) 1307/2013 agus Rialachán Uimh. 1308/2013 ([2]) agus Airteagail 35, 36 agus 38 CFAE a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta a mhéid ina chuirtear cosc le saothrú cnáibe (*Cannabis sativa*) i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna dúnta feistithe?

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 671).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof (an Ghearmáin) a taisceadh an 8 Feabhra 2023 – M-GbR v Finanzamt O**

**(Cás C-68/23, Finanzamt O)**

(2023/C 179/23)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzhof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* M-GbR

*Freagróir ar an achomharc ar phointe dlí:* Finanzamt O

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil ann do dhearbhán aonfheidhme de réir bhrí Airteagal 30a(2) den Treoir maidir le CBL ([1]) i gcás

— inar fíor gur léir an áit a soláthraítear na seirbhísí lena mbaineann an dearbhán a mhéid is go bhfuil sé i gceist na soláthairtí seirbhísí sin a dhéanamh ar chríoch Ballstáit amháin do thomhaltóirí deiridh,

— cé go bhfuil ann do sheirbhís ar chríoch Ballstáit eile mar gheall ar an bhficsean sa chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 30b(1) den Treoir maidir le CBL lena nglactar leis gurb ionann aistriú an dearbháin idir daoine inchánacha agus an tseirbhís lena mbaineann an dearbhán a sholáthar?